AN LONGFORT
Comhairle Chontae An Longfoirt
Longford County Council
CONNECTED
People · Place · Opportunity

# Cosaint Shibhialta
# Fógra Príobháideachais

Ag Cosaint Shibhialta Chomhairle Chontae an Longfoirt tuigimid go bhfuil príobháideacht agus slándáil do chuid faisnéise pearsanta (sonraí) tábhachtach agat. Tugann an fógra príobháideachais seo breac-chuntas ar an gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta de réir na ndlíthe um chosaint sonraí.

Léigh an fógra seo mar aon le príomh **Bheartas Príobháideachais** Chomhairle Chontae an Longfoirt.

Scan le hamharc air **Príomhbheartas Príobháideachais**

**Cabhair ag Teastáil Uait?** Conas cód QR a scanadh

1. **Oscail d'aip cheamara**
2. **Frámáil an cód QR**
3. **Cliceáil ar an mír aníos**

# **Cosaint Shibhialta**
# Fógra Príobháideachais

## Cén fáth a bpróiseálann Cosaint Shibhialta sonraí pearsanta?

**Próiseálann an rannóg Cosanta Sibhialta do shonraí pearsanta chun na nithe seo a leanas a sholáthar:**

- Seirbhís chúltaca do na seirbhísí éigeandála áitiúla
- Oiliúint agus chun do chonradh a chomhlíonadh linn más oibrí deonach thú leis an gCosaint Shibhialta.

## Cad iad na sonraí pearsanta a phróiseálann Cosaint Shibhialta?

**Seo a leanas liosta de shonraí pearsanta a phróiseálaimid:**

- Ainm
- Seoladh Baile
- Dáta breithe
- Uimhir chláraithe cánach/Uimhir Phearsanta Seirbhísí Poiblí (UPSP)
- Seoladh ríomhphoist
- Sonraí airgeadais
- Uimhir theileafóin
- Ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora
- Sonraí sláinte
- Íomhánna a tógadh ó cheamaraí slándála, b'fhéidir, agus tú ag dul isteach i bhfoirgnimh na Comhairle.



## Cad a deir an dlí faoin gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?

### Seo iad na trí chás ina ndeir an dlí gur féidir linn do shonraí pearsanta a úsáid:

| Staid | Sampla |
|---|---|
| Leas ríthábhachtach duine aonair a chosaint | Agus sinn ag déileáil le héigeandáil |
| Chun ligeann dúinn tasc a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail agus nó ar ár ndualgas oifigiúil mar údarás áitiúil mar a cheadaítear faoin reachtaíocht Rialtais Áitiúil | Agus oibrithe deonacha á n-earcú agat faoin Acht um Chosaint Shibhialta 2002 |
| Conradh a chur i gcrích | Agus sinn ag íoc as soláthairtí nó seirbhísí |

## Cé leis a roinnfidh Cosaint Shibhialta do shonraí pearsanta?

### D'fhéadfaimis do chuid sonraí pearsanta a roinnt leis na grúpaí seo a leanas, ach ní fhéadfaimis iad a roinnt ach amháin nuair is gá:

- An Garda Síochána
- Oibrithe Deonacha Cosanta Sibhialta
- Roinn Cosanta
- Dochtúirí Ginearálta
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE)
- Éascaitheoirí oiliúna
- Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

TUSLA
An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

An Roinn Cosanta
Department of Defence

### Má theastaíonn tuilleadh sonraí uait faoin gcaoi a láimhseálaimid sonraí sa Chosaint Shibhialta, déan na nithe seo a leanas le do thoil:

| Roghanna teagmhála | Sonraí Teagmhála |
|---|---|
| **Guthán** | 043 334 4207 |
| **Ríomhphost** | dpo@longfordcoco.ie |

**D'úsáideamar treoirlínte teanga simplí chun an polasaí seo a chruthú**